8. PRÓTACAL MAIDIR LE CONARTHAÍ AGUS IONSTRAIMÍ AONTACHAIS RÍOCHT NA DANMHAIRGE, NA hÉIREANN AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN, NA POBLACHTA HEILLÉANAI, RÍOCHT NA SPÁINNE AGUS PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE, AGUS PHOBLACHT NA hOSTAIRE, PHOBLACHT NA FIONLAINNE AGUS RÍOCHT NA SUALAINNE

TÁ NA hARDPHÁIRTITHE CONARTHACHA,

AG MEABHRÚ DÓIBH gur aontaigh Ríocht na Danmhairge, Éire agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann do na Comhphobail Eorpacha an 1 Eanáir 1973; gur aontaigh an Phoblacht Heilléanach do na Comhphobail Eorpacha an 1 Eanáir 1981; gur aontaigh Ríocht na Spáinne agus Poblacht na Portaingéile do na Comhphobail Eorpacha an 1 Eanáir 1986; gur aontaigh Poblacht na hOstaire, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne do na Comhphobail Eorpacha agus don Aontas Eorpach an 1 Eanáir 1995;

DE BHRÍ go bhforáiltear in Airteagal IV-437(2) den Bhunreacht go ndéanfar na Conarthaí a bhaineann leis na haontachais thuasluaite a aisghairm;

DE BHRÍ go leanann forálacha áirithe de na Conarthaí Aontachais sin agus de na hIonstraimí atá i gceangal leo de bheith ábhartha; de bhrí go bhforáiltear in Airteagal IV-437(2) den Bhunreacht nach foláir na forálacha sin a leagan amach i bPrótacal nó nach foláir tagairt dóibh i bPrótacal, chun go bhfanfaidh siad i bhfeidhm agus go gcaomhnófar a n-éifeachtaí dlíthiúla;

DE BHRÍ nach foláir na hoiriúnuithe teicniúla is gá a dhéanamh ar na forálacha sin chun go mbeidh siad ag luí leis an mBunreacht, gan a n-éifeacht dhlíthiúil a athrú;

TAR ÉIS COMHAONTÚ ar na forálacha seo a leanas a chuirfear i gceangal leis an gConradh ag bunú Bunreachta don Eoraip agus leis an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

TEIDEAL I

FORÁLACHA COITEANNA

Airteagal 1

Na cearta agus na hoibleagáidí a leanann ó na Conarthaí Aontachais dá dtagraítear in Airteagal IV-437(2)(a) go (d) den Bhunreacht, tháinig siad i bhfeidhm faoi na coinníollacha dá bhforáiltear sna Conarthaí sin ar na dátaí seo a leanas:

(a) an 1 Eanáir 1973 i gcás an Chonartha i dtaobh aontachas Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann,

(b) an 1 Eanáir 1981 i gcás an Chonartha i dtaobh aontachas na Poblachta Heilléanaí,

(c) an 1 Eanáir 1986 i gcás an Chonartha i dtaobh aontachas Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile,

(d) an 1 Eanáir 1995 i gcás an Chonartha i dtaobh aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

Airteagal 2

1. Cuirfear de cheangal ar na Ballstáit aontacha, dá dtagraítear in Airteagal 1, aontú do na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin a tugadh i gcrích roimh a n-aontachas faoi seach, a mhéad atá na comhaontuithe nó na coinbinsiúin sin fós i bhfeidhm:

(a) comhaontuithe nó coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích idir na Ballstáit eile, atá fothaithe ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, ar an gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach nó ar an gConradh ar an Aontas Eorpach, nó atá doscartha ó ghnóthú chuspóirí na gConarthaí sin, nó a bhaineann le hoibriú na gComhphobal nó an Aontais nó i ndáil lena ngníomhaíochtaí;

(b) comhaontuithe nó coinbhinsiúin arna dtabhairt i gcrích ag na Ballstáit eile, ag gníomhú dóibh go comhpháirteach leis na Comhphobail Eorpacha, le tríú Stát amháin nó níos mó nó le heagraíocht idirnáisúnta amháin nó níos mó agus do na comhaontuithe a bhfuil baint acu leis na comhaontuithe nó na coinbhinsiúin sin. Cabhróidh an tAontas agus na Ballstáit eile leis na Ballstáit aontacha, dá dtagraítear in Airteagal 1, ina leith sin.

2. Glacfaidh na Ballstáit aontacha dá dtagraítear in Airteagal 1 na bearta iomchuí, más gá, chun a seasamh i leith eagraíochtaí idirnáisiúnta agus i leith na gcomhaontuithe idirnáisiúnta a bhfuil an tAontas nó an Comhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach nó na Ballstáit eile ina bpáirtithe iontu freisin, a oiriúnú do na cearta agus na hoibleagáidí a thig óna n-aontachas leis an Aontas.

Airteagal 3

Na forálacha sin de na hIonstraimí Aontachais, mar atá arna léiriú ag Cúirt Bhreithiúnais na gComhphobal Eorpach agus ag an gCúirt Chéadchéime, arb é is cuspóir nó is éifeacht dóibh, seachas mar bheart idirthréimhseach, gníomhartha a aisghairm nó a leasú a ghlac institiúidí, comhlachtaí, oifigí nó gníomhaireachtaí na gComhphobal Eorpach nó an Aontais Eorpaigh arna mbunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, fanfaidh siad i bhfeidhm faoi réir an dara mír.

Beidh ag na forálacha dá dtagraítear sa chéad mhír an stádas céanna dlí atá ag na gníomhartha a dhéanann siad a aisghairm nó a leasú agus beidh siad faoi réir na rialacha céanna leis na gníomhartha sin.

Airteagal 4

Amhail ó dháta na n-aontachas faoi seach dá dtagraítear in Airteagal 1, is téacsanna barántúla, faoi na coinníollacha céanna leis na téacsanna barántúla arna dtarraingt suas sna teangacha eile, téacsanna ghníomhartha institiúidí, chomhlachtaí, oifigí agus ghníomhaireachtaí na gComhphobal Eorpach nó an Aontais Eorpaigh arna mbunú leis an gConradh ar an Aontas Eorpach, a glacadh roimh na haontachais dá dtagraítear in Airteagal 1 agus a tarraingíodh suas ceann ar cheann ina dhiaidh sin sa Bhéarla agus sa Danmhairgis, sa Ghréigis, sa Spáinnis agus sa Phortaingéilis, agus san Fhionlainnis agus sa tSualainnis.

Airteagal 5

Féadfaidh dlí Eorpach ón gComhairle na forálacha idirthréimhseacha atá leagtha amach sa Phrótacal seo a aisghairm nuair nach mbeidh siad infheidhme a thuilleadh. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

TEIDEAL II

FORÁLACHA ARNA dTÓGÁIL ÓN IONSTRAIM I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS RÍOCHT NA DANMHAIRGE, NA hÉIREANN AGUS RÍOCHT AONTAITHE NA BREATAINE MÓIRE AGUS THUAISCEART ÉIREANN

ROINN 1

Forálacha a bhaineann le Giobráltar

Airteagal 6

1. Gníomhartha na n-institiúidí a bhaineann leis na táirgí in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an mBunreacht agus leis na táirgí a bhíonn, ar iad a allmhairiú isteach san Aontas, faoi réir rialúchán sonrach de dhroim an comhbheartas talmhaíochta a chur i ngníomh, maille leis na gníomhartha a bhaineann le comhchuibhiú reachtaíocht na mBallstát i leith cánacha láimhdeachais, ní bheidh feidhm acu maidir le Giobráltar mura ndéanfaidh an Chomhairle cinneadh Eorpach a ghlacadh a dhéanann socrú dá mhalairt. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún.

2. Déanfar cás Ghiobráltar, atá sainithe i bpointe VI d'Iarscríbhinn II ([1]) a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann, a chaomhnú.

ROINN 2

Forálacha a bhaineann le hOileáin Fharó

Airteagal 7

Ní mheasfar gur náisiúnaigh de chuid Ballstáit, de réir bhrí an Bhunreachta, náisiúnaigh de chuid na Danmhairge a bhfuil chónaí orthu ar Oileáin Fharó ach amháin ón dáta a thiocfaidh an Bunreacht chun bheith infheidhme ar na hOileáin sin.

([1]) IO L 73, 27.3.1972, lch. 47.

ROINN 3

Forálacha maidir le hOileáin Mhuir nIocht agus le hOileán Mhanann

Airteagal 8

1. Beidh feidhm ar Oileáin Mhuir nIocht agus Oileán Mhanann, faoi na coinníollacha céanna leis an Ríocht Aontaithe, ag rialacha an Aontais maidir le custaim agus maidir le srianta cainníochtúla, go háirithe dleachtanna custaim, muirir chomhéifeachta agus an Chomhtharaif Chustaim.

2. I gcás táirgí talmhaíochta, agus táirgí a fhaightear óna bpróiseáil, is ábhar do chóras trádála speisialta, déanfaidh an Ríocht Aontaithe na tobhaigh agus na bearta eile i leith allmhairí dá bhforáiltear le rialacha an Aontais a fheidhmiú maidir le tríú tíortha.

Beidh na forálacha sin de rialacha an Aontais is gá chun go gceadófar saorghluaiseacht sa trádáil sna táirgí sin agus go n-urramófar na gnáthchoinníollacha iomaíochta ina leith infheidhme freisin.

Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena mbunaítear na coinníollacha faoina mbeidh na forálacha dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus sa dara fomhír infheidhme ar na críocha sin.

Airteagal 9

Ní dhéanfaidh dlí an Aontais difear do na cearta as a dtairbhíonn náisiúnaigh na gcríoch sin sa Ríocht Aontaithe dá dtagraítear in Airteagal 8. Ar a shon sin, ní rachaidh forálacha dhlí an Aontais maidir le saorghluaiseacht daoine agus seirbhísí chun tairbhe dóibhsean.

Airteagal 10

Na forálacha sin den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach is infheidhme i gcás daoine nó gnóthas de réir bhrí Airteagal 196 den Chonradh sin, beidh feidhm acu i gcás na ndaoine nó na ngnóthas sin tráth a mbunaithe sna críocha dá dtagraítear in Airteagal 8 den Phrótacal seo.

Airteagal 11

Déanfaidh údaráis na gcríoch sin dá dtagraítear in Airteagal 8 an chóir chéanna a chur i bhfeidhm maidir le gach duine, nádúrtha nó dlitheanach, de chuid an Aontais.

Airteagal 12

Más rud é, ar na socruithe a shainítear sa Roinn seo a fheidhmiú, go n-éireoidh deacrachtaí de pháirt amháin nó de pháirt eile sa chaidreamh idir an tAontas agus na críocha sin dá dtagraítear in Airteagal 8, molfaidh an Coimisiún don Chomhairle, gan mhoill, na bearta cosanta is dóigh leis a bheith riachtanach, ag sonrú na gcoinníollacha agus na modhanna feidhmiúcháin.

Glacfaidh an Chomhairle na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha iomchuí taobh istigh de mhí.

Airteagal 13

De réir bhrí na Roinne seo, measfar gur náisiúnach d'Oileáin Mhuir nIocht nó d'Oileán Mhanann gach saoránach Briotanach a bhfuil an tsaoránacht sin aige toisc gur rugadh, gur uchtaíodh, gur eadóirsíodh nó gur cláraíodh ar an oileán i gceist, é féin, duine dá thuismitheoirí nó duine dá sheantuismitheoirí; ach ní mheasfar, ina leith sin, duine mar sin a bheith ina náisiúnach d'Oileáin Mhuir nIocht nó d'Oileán Mhanann má rugadh, má uchtaíodh, má eadóirsíodh nó má cláraíodh sa Ríocht Aontaithe, é féin, duine dá thuismitheoirí nó duine dá sheantuismitheoirí. Ná ní mheasfar sa cháil sin é má bhí gnáthchónaí air, tráth ar bith, ar feadh cúig bliana sa Ríocht Aontaithe.

Cuirfear in iúl don Choimisiún na forálacha riaracháin is gá chun na daoine i dtrácht a aithint.

ROINN 4

Forálacha a bhaineann le beartas tionsclaíochta agus forbartha eacnamaíochta a chur i ngníomh in Éirinnn

Airteagal 14

Tugann na Ballstáit dá n-aire go bhfuil Rialtas na hÉireann ag gabháil do bheartas tionsclaíochta agus forbartha eacnamaíochta a chur i ngníomh arb é is sprioc dó an caighdeán maireachtála in Éirinn a chur ar chomhréim le caighdeán maireachtála na mBallstát eile, deireadh a chur leis an tearcfhostaíocht agus san am céanna na difríochtaí sa leibhéal forbraíochta ó réigiún go chéile a chur ar ceal.

Is léir dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú agus comhaontaíonn siad ar a mholadh chun na críche sin do na hinstitiúidí gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear leis an mBunreacht, go háirithe úsáid leormhaith a dhéanamh de na hacmhainní de chuid an Aontais atá ceaptha chun a aidhmeanna a bhaint amach.

Is aithnid do na Ballstáit go háirithe gur gá, ag cur Airteagail III-56 agus III-57 den Bhunreacht i bhfeidhm dóibh, féachaint le forás a thabhairt faoin ngeilleagar agus feabhas a thabhairt ar chaighdeán maireachtála an phobail.

ROINN 5

Forálacha maidir le malartú faisnéise leis an Danmhairg i réimse an fhuinnimh núicléach

Airteagal 15

1. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfear ar láimh na Danmhairge an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do gnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh an Danmhairg leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfidh an Danmhairg ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chomhoiread sin d'fhaisnéis sna hearnálacha a shonraítear i mír 3. Déanfar cuntas mionchruinn ar an bhfaisnéis sin a leagan amach i ndoiciméad a sheolfar go dtí an Coimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Is iad seo a leanas na hearnálacha ina bhfuil an Danmhairg le faisnéis a chur ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach:

(a) imoibreoir DOR á mheasrú le huisce trom agus á chuisniú le leacht orgánach;

(b) imoibreoirí uisce trom le brú-dhabhach DT — 350, DK — 400;

(c) búcla gáis ardteochta;

(d) córais ionstraimíochta agus trealamh leictreonach speisialta;

(e) diongbháilteacht;

(f) fisic imoibreoirí, dinimic imoibreoirí agus malartú teasa;

(g) tástálacha ar ábhair agus ar threalamh i gcarn.

4. Gabhann an Danmhairg uirthi féin go soláthróidh sí don Chomhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach aon fhaisnéis is comhlánú ar na tuarascálacha a thabharfaidh sí, go háirithe le linn cuairteanna ag gníomhairí ón gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach nó ó na Ballstáit ar Airmheán Risö, faoi choinníollacha a chinnfear de thoil a chéile i ngach cás.

Airteagal 16

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Danmhairg faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gceart sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisach nó páirt-eisach, tabharfaidh an Danmhairg spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisacha nó páirt-eisacha sin.

ROINN 6

Forálacha maidir le malartú faisnéise le hÉirinn i réimse an fhuinnimh núicléach

Airteagal 17

1. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfear ar láimh na hÉireann an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh Éire leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfidh Éire ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantais shrianta a fuarthas sa réimse núicléach in Éirinn, sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtála amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Baineann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go príomha le staidéir ar fhorbairt imoibreora cumhachta agus le hobair ar rada-iseatóipí agus a n-úsáid sa mhíochaine, lena n-áirítear ceisteanna a bhaineann le radachosaint.

Airteagal 18

1. Sna hearnálacha ina gcuireann Éire faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail, agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gceart sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh Éire spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

ROINN 7

Forálacha maidir le malartú faisnéise leis an Ríocht Aontaithe i réimse an fhuinnimh núicléach

Airteagal 19

1. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfear ar láimh na Ríochta Aontaithe an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do gnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an

Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh sí leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1973, cuirfidh an Ríocht Aontaithe ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach a chomhoiread sin d'fhaisnéis sna hearnálacha a shonraítear sa liosta atá san Iarscríbhinn ([1]) a ghabhann le Prótacal Uimh. 28 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha Aontachais Ríocht na Danmhairge, na hÉireann agus Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann. Déanfar cuntas mionchruinn ar an bhfaisnéis sin a leagan amach i ndoiciméad a sheolfar go dtí an Coimisiún. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Toisc gur mó is suim leis an gComhphobal Eorpach do Fhuinneamh Adamhach earnálacha áirithe seachas a chéile, cuirfidh an Ríocht Aontaithe béim ar leith ar fhaisnéis a thabhairt sna réimsí seo a leanas:

(a) taighde agus forbairt ar luath-imoibreoirí (lena n-áirítear sábháilteacht);

(b) taighde bunúsach (i ndáil le haicmí imoibreoirí);

(c) sábháilteacht imoibreoirí, seachas luath-imoibreoirí;

(d) miotalóireacht, cruach, cóimhiotail siorcóiniam agus coincréit;

(e) comhoiriúnacht ábhar forganta;

(f) monarú turgnamhach breoslaí;

(g) teirmihidridinimic;

(h) ionstraimíocht.

Airteagal 20

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Ríocht Aontaithe faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnas a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gceart sna paitinní sin.

([1]) IO L 73, 27.3.1972, lch. 84.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh an Ríocht Aontaithe spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

TEIDEAL III

FORÁLACHA ARNA dTÓGÁIL ÓN IONSTRAIM I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS NA POBLACHTA HEILLÉANAÍ

ROINN 1

Forálacha maidir leis an bPoblacht Heilléanach do dhíolmhú dleachtanna custaim ar allmhairí earraí áirithe

Airteagal 21

Ní chuirfidh Airteagal III-151 den Bhunreacht bac ar an bPoblacht Heilléanach bearta díolúine a choimeád ar bun a deonaíodh roimh an 1 Eanáir 1979 de bhun na ndlíthe seo a leanas:

(a) Dlí Uimh. 4171/61 (Bearta ginearálta chun cabhrú le forbairt gheilleagar na tíre),

(b) Forógra-Dlí Uimh. 2687/53 (Infheistíocht agus cosaint chaipitil eachtrannaigh),

(c) Dlí Uimh. 289/76 (Gríosuithe chun forbairt na gceantar teorann a chur chun cinn, agus rialú do gach ábhar gaolmhar leis sin),

go dtí dul in éag na gcomhaontuithe a bheidh tugtha i gcrích ag an Rialtas Heilléanach le tairbhithe na mbeart sin.

ROINN 2

Forálacha maidir le cánachas

Airteagal 22

Beidh feidhm ag na gníomhartha a shonraítear i bpointe II.2. d'Iarscríbhinn VIII ([1]) a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais na Poblachta Heilléanaí maidir leis an bPoblacht Heilléanach faoi réir na gcoinníollacha atá leagtha amach san Iarscríbhinn sin, seachas na tagairtí do phointí 9 agus 18(b).

([1]) IO L 291, 19.11.1979, lch. 163.

ROINN 3

Forálacha maidir le cadás

Airteagal 23

1. Bainfidh an Roinn seo le cadás, gan cardáil gan cíoradh, a bhaineann le fo-cheannteideal 5201 00 den Ainmníocht Chomhcheangailte.

2. Tionscnófar san Aontas córas arb iad seo a leanas, go háirithe, is cuspóirí dó:

(a) tacú le táirgeadh an chadáis sna réigiúin sin den Aontas mar a bhfuil sé tábhachtach don gheilleagar talmhaíochta,

(b) a chumasú do na táirgeoirí atá i gceist tuilleamh cóir a ghnóthú,

(c) an margadh a chobhsú trí struchtúir an tsoláthair agus na margaíochta a fheabhsú.

3. Folóidh an córas dá dtagraítear i mír 2 deonú cabhrach táirgthe.

4. D'fhonn a chumasú do tháirgeoirí cadáis an soláthar a chomhchruinniú agus an táirgeadh a oiriúnú do riachtanais an mhargaidh, tionscnófar córas chun tacú le buíonta táirgeoirí agus cónaidhmeanna buíonta den sórt sin a bhunú.

Deonófar cabhracha faoin gcóras sin chun bunú buíonta de tháirgeoirí a ghríosú agus a bhfeidhmiú a éascú.

Ní thairbheoidh den chóras sin ach amháin buíonta:

(a) a bheidh bunaithe ar chonlán na dtáirgeoirí féin;

(b) a thabharfaidh ráthaíocht dhóthanach maidir le ré agus éifeacht a ngníomhaíochta;

(c) a bheidh aitheanta ag an mBallstát a bheidh i gceist.

5. Ní chuirfear isteach ar chóras trádála an Aontais le tríú tíortha. I dtaca leis sin, ní fhéadfar, ach go háirithe, aon bheart srianta ar allmhairí a leagan síos.

6. Bunófar le dlí Eorpach ón gComhairle aon oiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an gcóras dá bhforáiltear sa Roinn seo.

Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha agus na cinntí Eorpacha lena mbunófar na rialacha is gá chun na forálacha dá dtagraítear sa Roinn seo a chur chun feidhme.

Gníomhóidh an Chomhairle tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

ROINN 4

Forálacha maidir le forbairt eacnamaíoch agus thionsclaíoch na Gréige

Airteagal 24

Tugann na Ballstáit dá n-aire go bhfuil an Rialtas Heilléanach ag gabháil do bheartas tionsclaíochta agus forbartha eacnamaíche a chur i ngníomh arb é is sprioc dó an caighdeán maireachtála sa Ghréig a chur ar comhréim le caighdeán maireachtála na mBallstát eile, deireadh a chur leis an tearcfhostaíocht agus san am céanna na difríochtaí sa leibhéal forbartha ó réigiún go chéile a chur ar ceal.

Is aithnid dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú. Chun na críche sin cuirfidh na hinstitiúidí chun feidhme gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear leis an mBunreacht, go háirithe úsáid leormhaith a dhéanamh de na hacmhainní de chuid an Aontais atá ceaptha chun a aidhmeanna a bhaint amach.

Is gá go háirithe, ag cur Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht i bhfeidhm dóibh, forás eacnamaíoch agus feabhas chaighdeán maireachtála an phobail a chur san áireamh.

ROINN 5

Forálacha maidir le malartú faisnéise leis an nGréig i réimse an fhuinnimh núicléach

Airteagal 25

1. Amhail ón 1 Eanáir 1981, cuirfear ar láimh na Poblachta Heilléanaí an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do gnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh sí leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1981, cuirfidh an Phoblacht Heilléanach ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantais shrianta a fuarthas sa réimse núicléach sa Ghréig, sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtála amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Baineann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go príomha leis na hábhair seo a leanas:

(a) staidéir ar úsáid rada-iseatóipí sna réimsí seo a leanas: míochaine, talmhaíocht, feithideolaíocht, cosaint an chomhshaoil,

(b) teicníocht núicléach a chur i bhfeidhm san ársaimhéadracht,

(c) gaireas leictreonach leighis a fhorbairt,

(d) modhanna taiscealaíochta mianach radaighníomhach a fhorbairt.

Airteagal 26

1. Sna hearnálacha ina gcuireann an Phoblacht Heilléanach faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit an Chomhphobail, agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná beartú ar é a dheonú, chun na gceart sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh an Phoblacht Heilléanach spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

TEIDEAL IV

FORÁLACHA ARNA dTÓGÁIL ÓN IONSTRAIM I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS PHOBLACHT NA PORTAINGÉILE AGUS RÍOCHT NA SPÁINNE

ROINN 1

Forálacha airgeadais

Airteagal 27

Déanfar na hacmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a ríomh agus a iniúchadh amhail is dá mbeadh na hOileáin Chanáracha agus Ceuta agus Melilla áirithe i raon feidhme críochach an tSéú Treoir darb uimhir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977 maidir le comhchuibhiú ar reachtaíocht na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais — comhchóras na gcánacha breisluacha: aonbhonn measúnachta.

ROINN 2

Forálacha maidir le paitinní

Airteagal 28

Na forálacha sin de reachtaíocht náisiúnta na Spáinne a bhaineann leis an dualgas cruthúnais, arna nglacadh i gcomhréir le mír 2 de Phrótacal Uimh. 8 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, ní bheidh feidhm acu i gcás imeachtaí um shárú a thionscnófar in aghaidh dílseanaigh phaitinne eile do phróiseas chun táirge a mhonarú is ionann agus

an táirge a fuarthas de bharr phróiseas paitinnithe an ghearánaí, má deonaíodh an phaitinn eile roimh an 1 Eanáir 1986.

I gcásanna nach mbíonn feidhm le haistriú an dualgais chruthúnais, féadfaidh Ríocht na Spáinne leanúint den dualgas cruthúnais um shárú a chur ar dhílseánach na paitinne. I ngach aon chás díobh sin, áfach, cuirfidh Ríocht na Spáinne nós imeachta breithiúnach i bhfeidhm dá ngairtear 'tochsal tuairisce'.

Ciallaíonn 'tochsal tuairisce' nós imeachta is cuid de chóras dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír, ina bhféadfaidh duine ar bith atá i dteideal imeachtaí um shárú a thionscnamh tar éis ordú cúirte a fháil, arna thabhairt ar iarratas uaidh, a chur faoi deara go ndéanfaidh báille, le cuidiú saineolaithe, tuairisciú mionchruinn, in áitreabh an té a líomhnaítear an sárú air, ar na próisis atá faoi chonspóid, go háirithe trí fhótachóipeanna a dhéanamh de cháipéisí teicniúla, i dteannta nó d'uireasa tochsail iarbhír. Féadfaidh ordú sin na cúirte a fhoráil go n-íocfar urrús chun damáistí a dhámhachtain don té a líomhnaítear an sárú air i gcás díobháil a bhaint dó de bharr an 'tochsail tuairisce'.

Airteagal 29

Na forálacha sin de reachtaíocht náisiúnta na Portaingéile a bhaineann leis an dualgas cruthúnais, arna nglacadh i gcomhréir le mír 2 de Phrótacal Uimh. 19 den Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Ríocht na Spáinne agus Phoblacht na Portaingéile, ní bheidh feidhm acu i gcás imeachtaí um shárú a thionscnófar in aghaidh dílseanaigh phaitinne eile do phróiseas chun táirge a mhonarú is ionann agus an táirge a fuarthas de bharr phróiseas paitinnithe an ghearánaí, má deonaíodh an phaitinn eile roimh an 1 Eanáir 1986.

I gcásanna nach mbíonn feidhm le haistriú an dualgais chruthúnais, féadfaidh Poblacht na Portaingéile leanúint den dualgas cruthúnais um shárú a chur ar dhílseánach na paitinne. I ngach aon chás díobh sin, áfach, cuirfidh Poblacht na Portaingéile nós imeachta breithiúnach i bhfeidhm dá ngairtear 'tochsal tuairisce'.

Ciallaíonn 'tochsal tuairisce' nós imeachta is cuid de chóras dá dtagraítear sa chéad mhír agus sa dara mír, ina bhféadfaidh duine ar bith atá i dteideal imeachtaí um shárú a thionscnamh tar éis ordú cúirte a fháil, arna thabhairt ar iarratas uaidh, a chur faoi deara go ndéanfaidh báille, le cuidiú saineolaithe, tuairisciú mionchruinn, in áitreabh an té a líomhnaítear an sárú air, ar na próisis atá faoi chonspóid, go háirithe trí fhótachóipeanna a dhéanamh de cháipéisí teicniúla, i dteannta nó d'uireasa tochsail iarbhír. Féadfaidh ordú sin na cúirte a fhoráil go n-íocfar urrús chun damáistí a dhámhachtain don té a líomhnaítear an sárú air i gcás díobháil a bhaint dó de bharr an 'tochsail tuairisce'.

ROINN 3

Forálacha maidir leis an sásra le haghaidh freagrachtaí breise faoi chuimsiú na gcomhaontuithe iascaigh a rinne an tAontas le tríú tíortha

Airteagal 30

1. Déanfar sainchóras a thioscnamh ina bhfeidhmeofar oibríochtaí a sheolfar de bhreis is de bharr ar na gníomhaireachtaí iascaireachta a bhíonn ar siúl ag báid faoi bhratach Ballstát sna huiscí a bhaineann le ceannasacht nó le dlínse tríú tíre faoi chuimsiú na bhfreagraíochtaí a bhunaítear faoi na comhaontuithe iascaigh a rinne an tAontas leis na tríú tíortha i dtrácht.

2. Na hoibríochtaí a mheastar gur dóigh dóibh teacht chun cinn mar bhreis ar na gníomhaíochtaí iascaireachta, faoi réir na gcoinníollacha agus laistigh de na teorainneacha dá dtagraítear i míreanna 3 agus 4, baineann siad le:

(a) táirgí iascaireachta a mbéarfaidh báid faoi bhratach Ballstáit orthu in uiscí tríú tíre agus iad i mbun iascaireachta de bhua feidhmiú comhaontú iascaigh a phróiseáil i gcríoch an tríú tír i dtrácht d'fhonn go gcuirfí na táirgí sin ar mhargadh an Aontais faoi cheannteidil taraife faoi Chaibidil 3 den Chomhtharaif Chustaim,

(b) táirgí iascaireachta faoi Chaibidil 3 den Chomhtharaif Chustaim a luchtú, nó a thrasloingsiú ar bhád faoi bhratach Ballstáit a tharlaíonn faoi chuimsiú na ngníomhaíochtaí dá bhforáiltear i gcomhaontú iascaigh den sórt sin d'fhonn na táirgí sin a iompar agus a phróiseáil lena gcur ar mhargadh an Aontais.

3. Déanfar an t-allmhairiú isteach san Aontas ar tháirgí lena mbaineann na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 2 a chur i gcrích faoi réir dhleachtanna na Comhtharaife Custaim a fhionraí go hiomlán nó go páirteach nó faoi réir córais speisialta muirear, ach sin faoi na coinníollacha agus teorainneacha breisíoctha a shocrófar gach bliain i ndáil le méid na n-árach iascaireachta a thig as na comhaontuithe i dtrácht agus ó na rialacha mionchruinne a ghabhann leo.

4. Leagfaidh dlíthe Eorpacha nó dlíthe réime Eorpacha síos rialacha ginearálta chur i bhfeidhm an chórais seo agus go háirithe critéir chun cionroinnt a dhéanamh ar na cainníochtaí i dtrácht.

Glacfar modhanna cur chun feidhme an chórais seo agus na cainníochtaí atá i gceist de réir nós imeachta Airteagal 37 de Rialachán (CE) Uimh. 104/2000.

ROINN 4

Forálacha maidir le Ceuta agus Melilla

Foroinn 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 31

1. Beidh feidhm ag an mBunreacht agus ag gníomhartha na n-institiúidí maidir le Ceuta agus le Melilla faoi réir na maoluithe dá bhforáiltear i míreanna 2 agus 3 agus fhorálacha eile na Roinne seo.

2. Sainítear i bhForoinn 3 den Roinn seo na coinníollacha faoina mbeidh feidhm maidir le Ceuta agus le Melilla ag forálacha an Bhunreachta maidir le saorghluaiseacht earraí agus ag gníomhartha na n-institiúidí a bhaineann le reachtaíocht chustaim agus le beartas trachtála.

3. Gan dochar d'fhorálacha sonracha Airteagal 32, ní bheidh feidhm ag gníomhartha na n-institiúidí a bhaineann leis an gcomhbheartas talmhaíochta agus leis an gcomhbheartas iascaigh maidir le Ceuta ná le Melilla.

4. Ar iarratas ó Ríocht na Spáinne, féadfaidh dlí Eorpach nó dlí réime Eorpach ón gComhairle:

(a) a chinneadh go n-áireofar Ceuta agus Melilla i gcríoch custaim an Aontais;

(b) na bearta iomchuí a shocrú chun go gcuirfear na forálacha sin den reachtaíocht Aontais is infheidhme i mbaint le Ceuta agus le Melilla.

Ar thogra ón gCoimisiún uaidh féin nó ar iarratas ó Bhallstát, féadfaidh an Chomhairle dlí Eorpach nó dlí réime Eorpach a ghlacadh chun aon oiriúnuithe is gá a dhéanamh ar an gcóras is infheidhme ar Ceuta agus ar Melilla.

Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil, tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Foroinn 2

Forálacha maidir leis an gcomhbheartas iascaigh

Airteagal 32

1. Faoi réir mhír 2 agus gan dochar d'fhoroinn 3, ní bheidh feidhm ag an gcomhbheartas iascaigh maidir le Ceuta ná le Melilla.

2. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na dlíthe Eorpacha, na dlíthe réime Eorpacha, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena:

(a) socrófar na bearta struchtúrtha a d'fhéadfaí a ghlacadh i bhfabhar Ceuta agus Melilla;

(b) socrófar modhanna iomchuí chun leasanna Ceuta agus Melilla a chur san áireamh, go hiomlán nó go páirteach, sna gníomhartha a ghlacfaidh sí, gach cás ar a fhiúntas féin, maidir le caibidlí an Aontais d'fhonn comhaontuithe iascaigh a fhadú nó a thabhairt i gcrích le tríú tíortha agus chun leasanna speisialta Ceuta agus Melilla a chur san áireamh sna coinbhinsiúin iascaigh idirnáisiúnta ar páirtí conarthach iontu an tAontas.

3. Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na dlíthe Eorpacha, na dlíthe réime Eorpacha, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena gcinnfear, más iomchuí, áraigh agus coinníollacha comhrochtana ar na limistéir iascaireachta, faoi seach, agus ar acmhainní na limistéar sin. Gníomhóidh sí d'aon toil.

4. Glacfar na dlíthe Eorpacha nó na dlíthe réime Eorpacha dá dtagraítear i míreanna 2 agus 3 tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Foroinn 3

Forálacha maidir le saorghluaiseacht earraí, reachtaíocht chánach agus beartas tráchtála

Airteagal 33

1. Measfar nach earraí a chomhlíonann na coinníollacha i míreanna 1 go 3 d'Airteagal III-151 den Bhunreacht táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla ná táirgí ó thríú tíortha a allmhairítear isteach in

Ceuta nó in Melilla faoi chuimsiú na gcóras is infheidhme ina leith sna críocha sin, ar iad do theacht ar saorchúrsaíocht i gcríoch custaim an Aontais.

2. Ní bheidh Ceuta agus Melilla ina gcuid de chríoch custaim an Aontais.

3. Mura bhforáiltear a mhalairt san Fhoroinn seo, beidh gníomhartha na n-institiúidí maidir le reachtaíocht chustaim a bhaineann le trádáil eachtrach infheidhme, faoi réir na gcoinníollacha céanna, ar an trádáil idir críoch custaim an Aontais, de thaobh amháin, agus Ceuta agus Melilla, den taobh eile.

4. Mura bhforáiltear a mhalairt san Fhoroinn seo, ní bheidh gníomhartha na n-institiúidí i dtaca leis an gcomhbheartas tráchtála, cibé acu is gníomhartha uathrialacha nó gníomhartha coinbhinsiúnta iad, a bhfuil baint dhíreach acu le hallmhairiú nó le honnmhairiú earraí, infheidhme maidir le Ceuta agus Melilla.

5. Mura bhforáiltear a mhalairt sa Teideal seo, cuirfidh an tAontas i bhfeidhm ina chuid trádála le Ceuta agus Melilla maidir le táirgí faoi Iarscríbhinn I a ghabhann leis an mBunreacht an córas ginearálta céanna a chuireann sé i bhfeidhm ina thrádáil eachtrach.

Airteagal 34

Gan dochar d'Airteagal 35, díothófar na dleachtanna custaim ar allmhairiú, i gcríoch custaim an Aontais, táirgí de thionscnamh Ceuta agus Melilla.

Airteagal 35

1. Tairbheoidh na táirgí iascaigh faoi cheannteidil Uimh. 0301, 0302, 0303, 1604 agus 1605 agus faoi fhocheannteidil 0511 91 agus 2301 20 den Chomhtharaif Chustaim is de thionscnamh Ceuta agus Melilla, de dhíolúine ó dhleachtanna custaim i gcríoch custaim uile an Aontais, go feadh méid na dtaraif-chuótaí a ríomhfar de réir táirge agus mheán na gcainníochtaí a diúscraíodh iarbhír sna blianta 1982, 1983 agus 1984.

Nuair a ligfear ar saorchúrsaíocht na táirgí a tugadh isteach i gcríoch custaim an Aontais faoi chuimsiú na dtaraif-chuótaí seo, beidh siad faoi réir na rialacha dá bhforálann comheagraíocht na margaí, agus na bpraghsanna tagartha, go speisialta.

2. Socróidh an Chomhairle gach bliain, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha maidir le taraif-chuótaí a oscailt agus a dháileadh de réir na modhanna dá bhforáiltear i mír 1.

Airteagal 36

1. Má thig mórmhéadú ar allmhairiú táirgí áirithe de thionscnamh Ceuta agus Melilla a rachadh chun dochair do tháirgeoirí Aontais de dhroim Airteagal 34 a bheith á chur i bhfeidhm, féadfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, rialacháin Eorpacha nó cinntí Eorpacha a ghlacadh chun coinníollacha speisialta a chur i mbaint le hallmhairiú na dtáirgí sin isteach i gcríoch custaim an Aontais.

2. Má dhéanann, nó más dóigh go ndéanfadh, allmhairiú táirge de thionscnamh Ceuta nó Melilla mórdhíobháil do ghníomhaíocht táirgíochta i gceann amháin nó níos mó de na Ballstáit de bharr nach bhfuil an comhbheartas tráchtála ná an Chomhtharaif Chustaim á gcur i bhfeidhm ar allmhairiú

amhábhar nó táirgí idirmheánacha isteach in Ceuta agus in Melilla, féadfaidh an Coimisiún, ar iarratas ó Bhallstát, nó ar a thionscnamh féin, na bearta iomchuí a ghlacadh.

Airteagal 37

Díothófar na dleachtanna custaim ar allmhairiú isteach in Ceuta agus Melilla táirgí de thionscnamh chríoch custaim an Aontais mar aon le haon mhuirear comhéifeachta.

Airteagal 38

Maidir leis na dleachtanna custaim agus na muirir ar comhéifeacht leis na dleachtanna sin agus an córas trádála a chuirtear i bhfeidhm i leith táirgí a allmhairítear isteach in Ceuta agus Melilla ó thríú tír, ní lú fabhar dóibh ná an fabhar a chuireann an tAontas i bhfeidhm de réir a oibleagáidí idirnáisiúnta nó a chomhshocraíochtaí fabhair i leith an tríú tír sin, ach sin ar an gcoinníoll go gcuirfidh an tríú tír sin an chóir chéanna chun feidhme ar allmhairiú ó Ceuta agus Melilla a chuireann sí chun feidhme ar allmhairiú ón Aontas. Ar a shon sin, ní fhéadfaidh an chóir a chuirtear i bhfeidhm maidir le hallmhairiú isteach in Ceuta agus in Melilla ón tríú tír sin a bheith níos fabhraí ná an chóir a chuirtear i bhfeidhm maidir le táirgí a allmhairítear ó chríoch custaim an Aontais.

Airteagal 39

Glacfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha lena socrófar rialacha feidhmiúcháin na Foroinne seo agus go háirithe na rialacha tionscnaimh is infheidhme sa trádáil, dá dtagraítear in Airteagail 34, 35 agus 37, lena n-áirítear na forálacha a bhaineann le táirgí tionscnaimh a aithint agus tionscnamh a rialú.

Cuimseoidh na rialacha, go háirithe, forálacha maidir le marcáil agus/nó lipéadú, coinníollacha cláraithe soithí agus feidhmiú na rialach maidir le comhshuimiú na dtionscnamh i gcás táirgí éisc maille le forálacha chun tionscnamh na dtáirgí a shocrú.

ROINN 5

Forálacha maidir le forbairt réigiúnach na Spáinne

Airteagal 40

Tugann na Ballstáit dá n-aire go bhfuil Rialtas na Spáinne ag gabháil do bheartas forbartha réigiúnaí a chur i ngníomh atá ceaptha go háirithe chun fás eacnamaíoch réigiúin agus limistéir lagfhorbartha na Spáinne a spreagadh.

Is aithnid dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú.

Comhaontaíonn siad, d'fhonn cabhrú le Rialtas na Spáinne chun an cúram sin a chur i gcrích, a mholadh do na hinstitiúidí gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear leis an mBunreacht a fheidhmiú, go háirithe trí úsáid leormhaith a bhaint as na hacmhainní de chuid an Aontais atá ceaptha chun aidhmeanna an Aontais a bhaint amach;

Is aithnid do na Ballstáit go háirithe gur gá, ag cur Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht i bhfeidhm dóibh, féachaint le forás a thabhairt faoin ngeilleagar agus feabhas a thabhairt ar chaighdeán maireachtála phobal réigiúin agus limistéir lagfhorbartha na Spáinne.

ROINN 6

Forálacha maidir le forbairt eacnamaíoch agus tionscail na Portaingéile

Airteagal 41

Tugann na Ballstáit dá n-aire go bhfuil Rialtas na Portaingéile ag gabháil do bheartas tionscail agus forbartha eacnamaíochta a chur i ngníomh atá ceaptha chun an caighdeán maireachtála sa Phortaingéil a chur ar comhréim le caighdeán na mBallstát eile, deireadh a chur leis an tearcfhostaíocht agus, san am céanna, na difríochtaí sa leibhéal forbartha ó réigiún go chéile a chur ar ceal.

Is aithnid dóibh gurb é a gcomhleas é aidhmeanna an bheartais sin a ghnóthú.

Comhaontaíonn siad ar a mholadh chun na críche sin do na hinstitiúidí gach meán agus gach nós imeachta dá bhforáiltear leis an mBunreacht, go háirithe úsáid leormhaith a bhaint as na hacmhainní de chuid an Aontais atá ceaptha chun a aidhmeanna a bhaint amach.

Is aithnid do na Ballstáit go háirithe gur gá, ag cur Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht i bhfeidhm dóibh, féachaint le forás a thabhairt faoin ngeilleagar agus feabhas a thabhairt ar chaighdeán maireachtála an phobail.

ROINN 7

Forálacha maidir le malartú faisnéise le Ríocht na Spáinne i réimse an fhuinnimh núicléach

Airteagal 42

1. Amhail ón 1 Eanáir 1986, cuirfear ar láimh Ríocht na Spáinne an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do gnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh Ríocht na Spáinne leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1986, cuirfidh Ríocht na Spáinne ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantas srianta a fuarthas sa réimse núicléach sa Spáinn sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtála amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Baineann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go príomha leis na hábhair seo a leanas:

(a) fisic núicléach (lagfhuinneamh agus ardfhuinneamh);

(b) cosaint ar radaíocht;

(c) úsáid iseatóipí, go háirithe iseatóipí cobhsaí;

(d) imoibreoirí taighde agus na breoslaí a bhaineann leo;

(e) taighde maidir le timthriall an bhreosla (go ró-áirithe mianadóireacht agus próiseáil mhianaigh ísealcháilíochta úráiniam; barr foirfeachta a chur ar eilimintí breosla d'imoibreoirí cumhachta).

Airteagal 43

1. Sna hearnálacha ina gcuireann Ríocht na Spáinne faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná a dheonú sin a thairiscint, chun na gcearta sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh Ríocht na Spáinne spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

ROINN 8

Forálacha maidir le malartú faisnéise le Poblacht na Portaingéile i réimse an fhuinnimh núicléach

Airteagal 44

1. Amhail ón 1 Eanáir 1986, cuirfear ar láimh Phoblacht na Portaingeile an fhaisnéis a cuireadh i bhfios do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais, de réir Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, agus tabharfaidh Poblacht na Portaingéile leathantas srianta di ina críoch, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear san Airteagal sin.

2. Amhail ón 1 Eanáir 1986, cuirfidh Poblacht na Portaingéile ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach faisnéis le haghaidh leathantas srianta a fuarthas sa réimse núicléach sa Phortaingéil, sa mhéid nach le feidhmeanna tráchtála amháin a bhaineann sí. Cuirfidh an Coimisiún an fhaisnéis sin i bhfios do ghnóthais an Chomhphobail, faoi na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 13 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach.

3. Baineann an fhaisnéis dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2 go príomha leis na hábhair seo a leanas:

(a) dinimic imoibreoirí;

(b) cosaint ar radaíocht;

(c) úsáid teicníochtaí núicléacha tomhais (i réimsí an tionscail, na talmhaíochta, na seandálaíochta agus na geolaíochta);

(d) fisic adamhach (tomhas éifeachtúil trasghearrthacha, teicníochtaí maidir le píblínte);

(e) miotalóireacht bainte úráiniam.

Airteagal 45

1. Sna hearnálacha ina gcuireann Poblacht na Portaingéile faisnéis ar láimh an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach, déanfaidh na húdaráis inniúla ceadúnais a dheonú, arna n-iarraidh, ar théarmaí tráchtála do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail, i gcásanna ina bhfuil cearta eisiacha acu chun paitinní a comhdaíodh i mBallstáit, agus sa mhéid nach mbeidh siad, i leith tríú páirtithe, faoi aon oibleagáid ná gealltanas ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach a dheonú, ná a dheonú sin a thairisicint, chun na gceart sna paitinní sin.

2. Má deonaíodh ceadúnas eisiach nó páirt-eisiach, tabharfaidh Poblacht na Portaingéile spreagadh agus cúnamh chun go ndeonófar focheadúnais, ar théarmaí tráchtála, do Bhallstáit, do dhaoine agus do ghnóthais an Chomhphobail ó shealbhóirí na gceadúnas sin.

Is ar ghnáthbhonn tráchtála a dheonófar na ceadúnais eisiacha nó páirt-eisiacha sin.

TEIDEAL V

FORÁLACHA ARNA dTÓGÁIL ÓN IONSTRAIM I dTAOBH CHOINNÍOLLACHA AONTACHAIS PHOBLACHT NA hOSTAIRE, PHOBLACHT NA FIONLAINNE AGUS RÍOCHT NA SUALAINNE

ROINN 1

Forálacha airgeadais

Airteagal 46

Déanfar acmhainní dílse a fhabhraíonn ó cháin bhreisluacha a ríomh agus a sheiceáil amhail is dá mbeadh Oileáin Åland áirithe i raon feidhme críochach an tSéú Treoir darb uimhir 77/388/CEE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1977, maidir le comhchuibhiú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le cánacha láimhdeachais - comhchóras na cánach breisluacha: aonbhonn measúnachta.

ROINN 2

Forálacha maidir leis an talmhaíocht

Airteagal 47

Nuair atá deacrachtaí tromchúiseacha ann de thoradh an aontachais agus nuair a mhaireann siad i ndiaidh earraíocht iomlán a bhaint as Airteagal 48 agus as na bearta eile a leanann ó na rialacha atá ann san Aontas, féadfaidh an Coimisiún cinneadh Eorpach a ghlacadh lena n-údarófar don Fhionlainn cabhracha náisiúnta a dheonú do tháirgeoirí chun a lánpháirtíocht iomlán sa chomhbheartas talmhaíochta a éascú.

Airteagal 48

1. Glacfaidh an Coimisiún cinntí Eorpacha lena n-údarófar don Fhionlainn agus don tSualainn cabhracha náisiúnta fadtéarmacha a dheonú d'fhonn a áirithiú go ndéanfar an ghníomhaíocht talmhaíochta a chothabháil i réigiúin shonracha. Ba chóir a áireamh ar na réigiúin sin na hachair thalmhaíochta atá suite lastuaidh den 62ú Líne Dhomhanleithid agus roinnt réigiún tadhlach laisteas den líne dhomhanleithid sin a bhfuil dálaí aeráide inchomórtais ag fearadh orthu agus a bhfuil an ghníomhaíocht talmhaíochta fíordhuaisiúil iontu dá mbarr.

2. Is é an Coimisiún a chinnfidh na réigiúin dá dtagraítear i mír 1, ag cur san áireamh go háirithe:

(a) an dlús íseal daonra;

(b) cion an talaimh thalmhaíochta san achar foriomlán;

(c) cion an talaimh thalmhaíochta atá tugtha suas do bharr curaíochta atá ceaptha mar bhia don duine, san achar talmhaíochta a úsáidtear.

3. Féadfaidh na cabhracha náisiúnta sin dá bhforáiltear i mír 1 a bheith bainteach le tosca fisiceacha, amhail heicteáir de thalamh talmhaíochta nó cinn ainmhithe ag cur san áireamh na dteorainneacha ábhartha atá leagtha síos i gcomheagraíochtaí an mhargaidh, mar aon le gréasáin stairiúla táirgeachta gach feirme, ach ní dhlífear:

(a) iad a nascadh le táirgeacht thodhchaí;

(b) ná go dtiocfaidh astu méadú ar an táirgeacht ná ar leibhéal na tacaíochta foriomláine arna thaifeadadh le linn tréimhse tagartha roimh an 1 Eanáir 1995, a chinnfidh an Coimisiún.

Féadfar na cabhracha a dhifreáil de réir an réigiúin.

Ní mór na cabhracha sin a dheonú go háirithe d'fhonn:

(a) táirgeacht phríomhúil agus próiseáil atá traidisiúnta agus a oireann go nádúrtha do dhálaí aeráide na réigiún i dtrácht a chothabháil;

(b) na struchtúir a fheabhsú chun táirgí talmhaíochta a tháirgeadh, a mhargú agus a phróiseáil;

(c) diúscairt na dtáirgí sin a éascú;

(d) cosaint an chomhshaoil agus caomhnú na tuaithe a áirithiú.

Airteagal 49

1. Cuirfear in iúl don Choimisiún na cabhracha dá bhforáiltear in Airteagail 47 agus 48 agus aon chabhair náisiúnta eile atá faoi réir údarú ón gCoimisiún faoin Teideal seo. Ní fhéadfar iad a chur i bhfeidhm go dtí go dtabharfar an t-údarú sin.

2. Maidir leis na cabhracha dá bhforáiltear in Airteagal 48, cuirfidh an Coimisiún tuarascáil faoi bhráid na Comhairle gach cúig bliana ón 1 Eanáir 1996 ar aghaidh:

(a) ar na húdaruithe a deonaíodh;

(b) ar thorthaí na cabhrach a deonaíodh faoi na húdaruithe sin.

D'fhonn tarraingt suas tuarascálacha den sórt sin a ullmhú, cuirfidh Ballstáit a fuair na húdaruithe sin faisnéis ar fáil don Choimisiún in am trátha ar éifeachtaí na gcabhracha a deonaíodh, ag taispeáint an fhoráis a tugadh faoi deara i ngeilleagar talmhaíochta na réigiún i gceist.

Airteagal 50

I réimse na gcabhracha dá bhforáiltear in Airteagail III-167 agus III-168 den Bhunreacht:

(a) i measc na gcabhracha arna gcur i bhfeidhm san Ostair, san Fhionlainn agus sa tSualainn roimh an 1 Eanáir 1995, measfar gurb iad na cabhracha a cuireadh in iúl don Choimisiún faoin 30 Aibreán 1995 amháin atá ann de réir bhrí Airteagal III-168(1) den Bhunreacht;

(b) measfar gur cuireadh in iúl an 1 Eanáir 1995 cabhracha atá ann agus pleananna atá ceaptha chun cabhracha a dheonú nó a athrú arna gcur in iúl don Choimisiún roimh an dáta sin.

Airteagal 51

1. Mura bhforáiltear a mhalairt i gcásanna sonracha, déanfaidh an Chomhairle, ar thogra ón gCoimisiún, na rialacháin Eorpacha nó na cinntí Eorpacha a ghlacadh is gá chun an Roinn seo a chur chun feidhme.

2. Féadfaidh dlí Eorpach ón gComhairle na hoiriúnuithe is gá ar na forálacha sa Roinn seo a dheánamh de dheasca leasaithe ar dhlí an Aontais. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún.

Airteagal 52

1. Más gá bearta idirthréimhseacha chun an trasdul a éascú ón gcóras atá ann san Ostair, san Fhionlainn agus sa tSualainn go dtí an córas a leanfaidh ó chomheagraíocht na margaí a chur i bhfeidhm faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Ionstraim i dtaobh Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, glacfar bearta den sórt sin i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 38 de Rialachán Uimh. 136/66/CEE nó, más iomchuí, in Airteagail chomhfhreagracha na Rialachán eile maidir le comheagraíocht na margaí talmhaíochta. Féadfar na bearta sin a ghlacadh le linn tréimhse a rachaidh in éag an 31 Nollaig 1997

agus ní rachaidh a gcur i bhfeidhm thar an dáta sin.

2. Féadfaidh dlí Eorpach ón gComhairle an tréimhse dá dtagraítear i mír 1 a fhadú. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa.

Airteagal 53

Beidh Airteagail 51 agus 52 infheidhme maidir le táirgí iascaigh.

ROINN 3

Forálacha maidir le bearta idirthréimhseacha

Airteagal 54

Beidh feidhm ag na gníomhartha atá liostaithe i bpointí VII.B.I, VII.D.1, VII.D.2.c, IX.2.b, c, f, g, h, i, j, l, m, n, x, y, z agus aa, agus X.a, b agus c d'Iarscríbhinn XV [1] a ghabhann leis an Ionstraim i dtaobh Choinníollacha Aontachas Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne maidir leis an Ostair, leis an bhFionlainn agus le Ríocht na Sualainne faoi na coinníollacha atá leagtha síos san Iarscríbhinn sin.

Maidir le pointe IX.2.x d'Iarscríbhinn XV dá dtagraítear sa chéad mhír, ní mór an tagairt d'fhorálacha an Chonartha ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh, go háirithe d'Airteagail 95 agus 96 de, a thuiscint mar thagairt d'fhorálacha an Bhunreachta, go háirithe d'Airteagal III-170(1) agus (2) de.

ROINN 4

Forálacha maidir le hinfheidhmeacht gníomhartha áirithe

Airteagal 55

1. Aon chinntí leithleacha díolúine arna nglacadh agus aon chinntí maidir le himréiteach diúltach arna nglacadh roimh an 1 Eanáir 1995, ag Údarás Faireacháin Chomhlachas Saorthrádála na hEorpa (CSTE) nó ag an gCoimisiún, faoi Airteagal 53 den Chomhaontú maidir leis an Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (LEE) nó Airteagal 1 de Phrótacal 25 atá i gceangal leis an gComhaontú sin, agus a bhaineann le cásanna a thig faoi Airteagal 81 den Chonradh ag bunú an Chomhpobail Eorpaigh de thoradh an aontachais, leanfaidh siad de bheith bailí chun críocha Airteagal III-161 den Bhunreacht go dtí go rachaidh an tréimhse atá sonraithe iontu in éag nó go dtí go nglacfaidh an Coimisiún a mhalairt de chinneadh Eorpach cuí-réasúnaithe, i gcomhréir le dlí an Aontais.

2. Na cinntí uile arna nglacadh ag Údarás Faireacháin CSTE roimh an 1 Eanáir 1995 de bhun Airteagal 61 de Chomhaontú LEE agus a thig faoi Airteagal 87 den Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh de thoradh an aontachais, leanfaidh siad de bheith bailí i leith Airteagal III-167 den Bhunreacht mura nglacfaidh an Coimisiún a mhalairt de chinneadh Eorpach de bhun

[1] IO C 241, 29.8.1994, lch. 322.

Airteagal III-168 den Bhunreacht. Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le cinntí atá faoi réir na n-imeachtaí dá bhforáiltear in Airteagal 64 de Chomhaontú LEE.

3. Gan dochar do mhíreanna 1 agus 2, leanfaidh cinntí arna nglacadh ag Údarás Faireacháin CSTE de bheith bailí i ndiaidh an 1 Eanáir 1995 mura nglacfaidh an Coimisiún a mhalairt de chinneadh cuí-réasúnaithe, i gcomhréir le dlí an Aontais.

ROINN 5

Forálacha maidir le hOileáin Åland

Airteagal 56

Ní fhágfaidh forálacha an Bhunreachta nach ndéanfar na forálacha atá i bhfeidhm an 1 Eanáir 1994 a chur i bhfeidhm maidir le hOileáin Åland:

(a) ar shrianta, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, ar an gceart ag daoine nádúrtha nach bhfuil hembygdsrätt/kotiseutuoikeus (saoránacht réigiúnach) acu in Åland, agus ag daoine dlítheanacha, maoin réadach a fháil agus a shealbhú ar Oileáin Åland gan cead ó údaráis inniúla Oileáin Åland;

(b) ar shrianta, ar bhonn neamh-idirdhealaitheach, ar an gceart bunaíochta agus ar an gceart seirbhísí a sholáthar ag daoine nádúrtha nach bhfuil hembygdsrätt/kotiseutuoikeus (saoránacht réigiúnach) acu in Åland, nó ag daoine dlítheanacha, gan cead ó údaráis inniúla Oileáin Åland.

Airteagal 57

1. Déanfar críoch Oileáin Åland — a mheasfar gur tríú críoch í, mar atá sainithe sa tríú fleasc d'Airteagal 3(1) de Threoir 77/388/CEE ón gComhairle, agus gur críoch náisiúnta í nach dtig faoi raon feidhme na dtreoracha maidir le comhchuibhiú dleachta máil mar atá sainithe in Airteagal 2 de Threoir 92/12/CEE ón gComhairle — a eisiamh ó chur i bhfeidhm críochach dhlí an Aontais i réimsí chomhchuibhiú dhlíthe na mBallstát maidir le cánacha láimhdeachais agus le dleachtanna máil agus foirmeacha eile de chánachas indíreach.

Ní bheidh feidhm ag an mír seo maidir le forálacha Threoir 69/335/CEE ón gComhairle maidir le dleacht chaipitil.

2. Is é is aidhm don mhaolú dá bhforáiltear i mír 1 geilleagar áitiúil inmharthana a chothabháil sna hOileáin agus ní bheidh aon éifeachtaí diúltacha aige ar leasanna an Aontais ná ar a chuid comhbheartas. Má mheasann an Coimisiún nach bhfuil call a thuilleadh leis na forálacha i mír 1, go háirithe maidir le hiomaíocht chóir nó le hacmhainní dílse, cuirfidh sé tograí iomchuí faoi bhráid na Comhairle a ghlacfaidh na gníomhartha is gá i gcomhréir le hairteagail ábhartha an Bhunreachta.

Airteagal 58

Áiritheoidh Poblacht na Fionlainne go gcuirfear an chóir chéanna i bhfeidhm ar dhaoine nádúrtha agus dlítheanacha uile na mBallstát in Oileáin Åland.

Airteagal 59

Beidh feidhm ag forálacha na Roinne seo i bhfianaise an Dearbhaithe maidir le hOileáin Åland ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacal Uimh. 2 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, gan a éifeacht dhlíthiúil a athrú.

ROINN 6

Forálacha maidir leis an bpobal Sami

Airteagal 60

D'ainneoin fhorálacha an Bhunreachta, féadfar cearta eisiacha do riar réinfhianna laistigh de limistéir thraidisiúnta Sami a dheonú don phobal Sami.

Airteagal 61

Féadfar an Roinn seo a fhairsingiú chun aird a thabhairt ar aon fhorás breise ar chearta eisiacha Sami atá nasctha lena ngléas beo traidisiúnta. Féadfaidh dlí Eorpach ón gComhairle na leasuithe is gá ar an Roinn seo a dhéanamh. Gníomhóidh an Chomhairle d'aon toil tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa agus le Coiste na Réigiún.

Airteagal 62

Beidh feidhm ag forálacha an Teidil seo i bhfianaise an Dearbhaithe maidir leis an bpobal Sami ina n-ionchorpraítear friotal bhrollach Phrótacal Uimh. 3 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne, gan a éifeacht dhlíthiúil a athrú.

ROINN 7

Forálacha speisialta faoi chuimsiú na gCistí Struchtúracha san Fhionlainn agus sa tSualainn

Airteagal 63

Beidh limistéir atá folaithe ag an gcuspóir forbairt agus oiriúnú struchtúrach réigiún ina bhfuil dlús daonra an-íseal a chur chun cinn i bprionsabal in ionannas le réigiúin leibhéal II NUTS ag a bhfuil dlús daonra ochtar in aghaidh an km^2 nó níos lú, nó bainfidh siad leis na réigiúin sin. Féadfar cúnamh an Aontais, faoi réir cheanglas an chomhchruinnithe, a leathnú freisin chuig limistéir thadhlacha agus theorantacha níos lú a chomhallann an critéar céanna maidir le dlús daonra. Tá na réigiúin agus na limistéir sin, dá dtagraítear san Airteagal seo, liostaithe in Iarscríbhinn 1 ([1]) a ghabhann le Prótacal Uimh. 6 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.

ROINN 8

Forálacha maidir le hiompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte san Ostair

Airteagal 64

1. Chun críocha an Phrótacail seo, beidh feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(a) ciallaíonn 'tromfheithicil earraí' aon mhótarfheithicil arna clárú i mBallstát atá ceaptha chun earraí a iompar nó leantóirí a tharraingt, ar mó a uasmheáchan údaraithe ná 7,5 tona, lena n-áirítear aonaid tarracóirí is leathleantóirí agus leantóirí ar mó a n-uasmheáchan údaraithe ná 7,5 tona arna dtarraingt ag mótarfheithicil arna clárú i mBallstát nach mó a n-uasmheáchan údaraithe ná 7,5 tona;

(b) ciallaíonn 'iompar comhcheangailte' iompar earraí ag tromfheithiclí earraí nó aonaid luchtaithe a dhéanann cuid dá n-aistear d'iarnród agus a thosaíonn nó a chríochnaíonn an t-aistear de bhóthar, ionas nach bhféadfaidh trácht idirthurais ar aon chúinse críoch na hOstaire a thrasnú de bhóthar amháin ar a shlí chuig ceann aistir iarnróid nó uaidh.

2. Beidh feidhm ag Airteagail 65 go 71 maidir le bearta a bhaineann le soláthar iompair d'iarnród agus iompair chomhcheangailte ag trasnú chríoch na hOstaire.

Airteagal 65

Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht, faoi chuimsiú a n-inniulachtaí faoi seach, bearta a ghlacadh agus a dhlúthchomhordú chun iompar d'iarnród agus iompar comhcheangailte a fhorbairt agus a chur chun cinn ar mhaithe le hiompar trasalpach earraí.

([1]) IO C 241, 29.8.1994, lch. 355.

Airteagal 66

Agus na treoirlínte dá bhforáiltear in Airteagal III-247 den Bhunreacht á mbunú aige, áiritheoidh an tAontas gur cuid de na gréasáin thraseorpacha d'iompar d'iarnród agus d'iompar comhcheangailte na háiseanna atá sainithe in Iarscríbhinn 1 ([1]) a ghabhann le Prótacal Uimh. 9 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne agus, ina theannta sin, go n-aithneofar mar thionscadail leasa choitinn iad.

Airteagal 67

Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht, faoi chuimsiú a n-inniúlachtaí faoi seach, na bearta atá liostaithe in Iarscríbhinn 2 ([2]) a ghabhann le Prótacal Uimh. 9 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a chur chun feidhme.

Airteagal 68

Déanfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht a seandícheall an cumas breise iarnróid dá dtagraítear in Iarscríbhinn 3 ([3]) a ghabhann le Prótacal Uimh. 9 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a fhorbairt agus a úsáid.

Airteagal 69

Glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht bearta chun soláthar iompair d'iarnród agus iompair chomhcheangailte a fheabhsú. Más iomchuí, agus faoi réir fhorálacha an Bhunreachta, déanfar bearta den sórt sin a bhunú i ndlúthchomhairle le cuideachtaí iarnróid agus soláthróirí eile seirbhísí iarnróid. Ní mór tosaíocht a thabhairt do na bearta sin atá leagtha amach i bhforálacha dhlí an Aontais maidir le hiarnróid agus iompar comhcheangailte. Agus aon bhearta á gcur chun feidhme, tabharfar aire faoi leith do chumas iomaíochta, éifeachtúlacht agus trédhearcacht chostas iompair d'iarnród agus iompair chomhcheangailte. Ach go háirithe, déanfaidh na Ballstáit i dtrácht a ndícheall bearta a ghlacadh a áiritheoidh go mbeidh praghsanna d'iompar comhcheangailte iomaíoch le praghsanna do mhodhanna iompair eile. Comhlíonfaidh aon chabhair arna deonú chuige sin dlí an Aontais.

Airteagal 70

I gcás suaitheadh tromchúiseach, ar nós tubaiste nádúrtha, in idirthuras iarnróid, glacfaidh an tAontas agus na Ballstáit i dtrácht gach gníomh comhbheartaithe is féidir chun an sreabhadh tráchta a choimeád ar siúl. Tabharfar tosaíocht do lóid íogaire, ar nós bianna meatacha.

([1]) IO C 241, 29.8.1994, lch. 364.

([2]) IO C 241, 29.8.1994, lch. 365.

([3]) IO C 241, 29.8.1994, lch. 367.

Airteagal 71

Déanfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 70(2), oibriú na Roinne seo a athbhreithniú.

Airteagal 72

1. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hiompar earraí de bhóthar ar aistir arna ndéanamh laistigh de chríoch an Chomhphobail.

2. I gcás aistear lena ngabhann idirthuras earraí de bhóthar tríd an Ostair, beidh feidhm ag an gcóras atá bunaithe le haghaidh aistear ar chuntas féin agus le haghaidh aistear ar fruiliú nó luaíocht faoi Chéad Treoir ón gComhairle an 23 Iúil 1962 agus faoi Rialachán (CEE) Uimh. 881/92 ón gComhairle faoi réir fhorálacha an Airteagail seo.

3. Go dtí an 1 Eanáir 1998, beidh feidhm ag na forálacha seo a leanas:

(a) Déanfar iomlán astaíochtaí NOx ó thromfheithiclí earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras a laghdú 60 % sa tréimhse idir an 1 Eanáir 1992 agus an 31 Nollaig 2003, de réir an tábla in Iarscríbhinn 4.

(b) Déanfar na laghduithe ar iomlán na n-astaíochtaí NOx ó thromfheithiclí earraí a riar de réir córais éiceaphointí. Faoin gcóras sin, ceanglófar ar aon tromfheithicil earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras líon éiceaphointí a bheith aici atá coibhéiseach lena hastaíochtaí NOx (arna n-údarú faoi luach Comhlíonadh Táirgeachta (luach CT) nó luach cineálcheadaithe). Tá cur síos ar mhodh ríomha agus riaracháin na bpointí sin in Iarscríbhinn 5.

(c) Má théann líon na n-aistear idirthurais in aon bhliain thar an uimhir thagartha a bunaíodh do 1991 de mhéid is mó ná 8 %, glacfaidh an Coimisiún, ag gníomhú di i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16, bearta iomchuí i gcomhréir le mír 3 d'Iarscríbhinn 5.

(d) Déanfaidh an Ostair na cártaí éacaphointe is gá do riarachán an chórais éiceaphointí, de bhun Iarscríbhinn 5, le haghaidh tromfheithiclí earraí ag trasnú na hOstaire ar idirthuras a eisiúint agus a chur ar fáil in am trátha.

(e) Déanfaidh an Coimisiún na héiceaphointí a dháileadh idir Bhallstáit i gcomhréir le forálacha a bhunófar i gcomhréir le mír 6.

4. Roimh an 1 Eanáir 1998, athbhreithneoidh an Chomhairle, ar bhonn tuarascála ón gCoimisiún, oibriú na bhforálacha maidir le hidirthuras earraí de bhóthar tríd an Ostair. Déanfar an t-athbhreithniú ar cothrom le bunphrionsabail dhlí an Chomhphobail, ar nós oibriú cuí an mhargaidh inmheánaigh, go háirithe saorghluaiseacht earraí agus an tsaoirse chun seirbhísí a sholáthar, cosaint an chomhshaoil ar son leas an Chomhphobail ina iomláine, agus sábháilteacht tráchta. Mura ndéanfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di d'aon toil ar thogra ón gCoimisiún agus tar éis dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa, a mhalairt de chinneadh, fadófar an idirthréimhse ar feadh tréimhse breise go dtí an 1 Eanáir 2001 agus beidh feidhm ag forálacha mhír 3 lena linn sin.

5. Roimh an 1 Eanáir 2001, déanfaidh an Coimisiún, le cúnamh ón nGníomhaireacht Eorpach um Chomhshaol, staidéar eolaíoch ar an méid atá an cuspóir maidir le truailliú a laghdú, atá leagtha amach i mír 2(a), bainte amach. Má fhaigheann an Coimisiún go bhfuil an cuspóir sin bainte amach ar bhonn inbhuanaithe, scoirfidh forálacha mhír 3 d'fheidhm a bheith acu an 1 Eanáir 2001. Má fhaigheann an Coimisiún nach bhfuil an cuspóir sin bainte amach ar bhonn inbhuanaithe, féadfaidh an Chomhairle, ag gníomhú di i gcomhréir le hAirteagal 75 de Chonradh CE, bearta a ghlacadh, faoi chuimsiú an Chomhphobail, a áiritheoidh cosaint choibhéiseach don chomhshaol, go háirithe laghdú 60 % ar an truailliú. Mura nglacfaidh an Chomhairle bearta den sórt sin, fadófar go huathoibríoch an idirthréimhse ar feadh thréimhse dheiridh trí bliana agus beidh feidhm ag forálacha mhír 3 lena linn sin.

6. Ag deireadh na hidirthréimhse, beidh feidhm ag an *acquis* Comhphobail ina iomláine.

7. Glacfaidh an Coimisiún, ag gníomhú dó i gcomhréir leis an nós imeachta atá leagtha síos in Airteagal 16, bearta mionsonraithe maidir leis na nósanna imeachta a bhaineann leis an gcóras éacaphointí, dáileadh éiceaphointí agus ceisteanna teicniúla maidir leis an Airteagal seo a chur i bhfeidhm, ar bearta iad a thiocfaidh i bhfeidhm ar dháta aontachais na hOstaire.

Áiritheoidh na bearta dá dtagraítear sa chéad fhomhír go gcoimeádfar ar bun an staid fhíorasach do na Ballstáit láithreacha a leanann ó chur i bhfeidhm Rialachán (CEE) Uimh. 3637/92 ón gComhairle agus na Comhshocraíochta Riarthaí, a síníodh an 23 Nollaig 1992, a shocraíonn an dáta teacht i bhfeidhm agus na nósanna imeachta chun an córas éiceaphointí a thabhairt isteach dá dtagraítear sa Chomhaontú Idirthurais. Déanfar gach iarracht is gá chun a áirithiú go dtugann an scair éiceaphointí a chionroinntear ar an nGréig go leor airde ar riachtanais na Gréige sa chomhthéacs sin.

Airteagal 73

1. Beidh Coiste de chúnamh ag an gCoimisiún.

2. I gcás go dtagraítear don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagail 3 agus 7 de Chinneadh 1999/468/CE.

3. Glacfaidh an Coiste a Rialacha Nós Imeachta féin.

ROINN 9

Forálacha maidir le húsáid téarmaí sonracha Ostaracha sa Ghearmáinis faoi chuimsiú an Aontais Eorpaigh

Airteagal 74

1. Beidh ag na téarmaí sonracha Ostaracha sa Ghearmáinis atá i ndlíchóras na hOstaire agus atá liostaithe san Iarscríbhinn [1] a ghabhann le Prótacal Uimh. 10 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne an stádas céanna leis na téarmaí comhfhreagracha a úsáidtear sa Ghearmáin agus atá

[1] IO C 241, 29.8.1994, lch. 370.

liostaithe san Iarscríbhinn sin agus féadfar iad a úsáid leis an éifeacht dhlíthiúil chéanna.

2. Sa leagan Gearmáinise de ghníomhartha dlíthiúla nua, cuirfear i bhfoirm iomchuí leis na téarmaí comhfhreagracha a úsáidtear sa Ghearmáin na téarmaí sonracha Ostaracha dá dtagraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Prótacal Uimh. 10 atá i gceangal leis an Ionstraim i dtaobh choinníollacha aontachais Phoblacht na hOstaire, Phoblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne.